

ÉAMON Ó MURCHADHA

Baile Loch Measg, Cill Íomair

Baile an Róba, Taobh –Chonga

Tá sgéalta agus seanchus ag an bhfear seo. Tá sé timcheall trí sgór bliain d’aois. Fuair sé na sgéalta ó sheanfhear de mhuintir Leonard. Bhí fear de Leonard ann bliain na bhFranncach. Thug sé amach go raibh na Franncaigh le teacht agus leag sé an tairngireach ar Coluimcille. Gabhthas é agus cuireadh i bpríosún é faoi bheith ag craobhsgaoileadh sgéalta a chuireadh corghail ar bun imeasc na ndaoine. Coinnigheadh i bpríosún é go dtí an lá a bhí ceaptha do na Franncaigh, muna dtagaidís an lá sin crochfaidhe é fein. An lá céadna thainig na Franncaigh agus leigeadh Leonard saor, casadh le Micheál Breathnach, an Mám, an fear seo ó Murchadha, agus chaitheadar oidhche ag seanchus le chéile i nGaillimhe.